Office of the Director
of Corporate Enforcement

*Oifig an Stiúrthóra um*
*Fhorfheidhmiú Corparáideach*

# OFFICIAL LANGUAGES ACT 2003

# ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

---

## SCÉIM 2008-2011


## SCÉIM 2008-2011


---

Scéim Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach
faoi alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Iūil 2008

# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| **Réamhrá** | 3 |
| Cúlra | 3 |
| Treoirlínte maidir le hUllmhú Scéime | 3 |
| Ullmhúchán na Scéime Teanga | 3 |
| Ábhar na Scéime Teanga | 4 |
| Dáta Tosaigh na Scéime | 4 |
| **Fordhearcadh Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (OSFC)** | 5 |
| Misean agus Cúram Sainordaithe an OSFC | 5 |
| Custaiméirí Inmheánacha agus Seachtracha na hOifige | 5 |
| Réimsí Feidhmiúla na hOifige | 5 |
| **Measúnú ar Leibhéal na Seirbhísí atá ar fáil cheana féin trí Ghaeilge, agus an tÉileamh Reatha ar na Seirbhísí sin** | 6 |
| Seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge amháin | 6 |
| Seirbhísí nach bhfuil ar fáil trí Ghaeilge | 6 |
| Seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla | 6 |
| Éileamh ar Sheirbhísí trí Ghaeilge | 7 |
| **Scéim** | 8 |
| Géilliúntas | 8 |
| Brath | 8 |
| Forfheidhmiú | 8 |
| Dócmhainneacht | 9 |
| Seirbhísí Corparáideacha | 9 |
| **Seirbhísí a chuirtear ar fáil go dátheangach a fheabhsú** | 11 |
| **Monatóireacht na Scéime** | 14 |
| **Poiblíocht a thabhairt don Scéim** | 14 |

# Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

# Scéim faoi Alt 11 de Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

## Réamhrá

**Cúlra**
D'ullmhaigh Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach an Scéim seo faoi alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ("an tAcht").

In Alt 11 foráiltear d'ullmhú scéim reachtaíochta ag comhlachtaí poiblí ina sonrófar go mion na seirbhísí a chuirfear ar fáil

- trí Ghaeilge,
- trí Bhéarla agus
- trí Ghaeilge agus trí Bhéarla

agus na bearta a ghlacfar chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach soláthraíonn an comhlacht trí Ghaeilge a sholáthar amhlaidh laistigh de thréimhse a bheidh aontaithe.

**Treoirlínte maidir le hUllmhú Scéime**
Is é an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a d'eisigh treoirlínte i ndáil le hullmhú Scéime faoi Alt 12 den Acht. Ba é ár leas freisin le linn dúinn an scéim seo a ullmhú páirteachas a bheith againn sa Líonra Tacaíochta do Chomhlachtaí Poiblí, ina bhfuil comhaltaí ó roinnt Chomhlachtaí Poiblí lena n-áirítear an tSeirbhís Chúirteanna.

**Ullmhúchán na Scéime Teanga**
Ullmhaíodh an Scéim seo de réir na dtreoirlínte faoi alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

D'fhoilsigh an Oifig Fógra faoi Alt 13 den Acht an 24 Aibreán 2006 ag lorg uiríoll ó aon pháirtithe leasmhara maidir le hullmhúchán na Dréachtscéime. De thoradh an fhógráin sin fuarthas sé aighneacht. Tá na haighneachtaí sin ar fáil ar shuíomh idirlín na hOifige (www.odce.ie) agus cuireadh san áireamh iad nuair a cuireadh an Scéim i dtoll a chéile.

Chuathas i gcomhairle freisin le baill foirne an Stiúrthóra agus tá a bharúlacha agus a ndearcadh siúd ionchorpraithe sa scéim freisin.

Is mian leis an Oifig aitheantas a thabhairt do gach duine a chaith am leis an bpróiseas seo agus a chuir stró orthu féin chun cuidiú leis.

**Ábhar na Scéime Teanga**

Is ar phrionsabail na Seirbhíse ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus ar an ngealltanas i gCairt Chustaiméara na hOifige go mbeidh custaiméirí ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge in ann é sin a dhéanamh atá an Scéim tógtha. Leagtar amach inti an oiread is atá seirbhísí ar fáil faoi láthair trí Ghaeilge, agus i gcorp na Scéime sainítear na réimsí ina gcuirfear feabhas amach anseo ar na seirbhísí a chuireann an Oifig ar fáil. Tá gealltanas ann freisin leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge a mheasúnú ar bhonn leanúnach agus a chinntiú go ndéanann an Oifig riar ar an éileamh seo go leanúnach ar bhealach pleanáilte, comhleanúnach agus áisiúil. Déanfaidh an Oifig méid na bhfiosruithe/n-iarratas ar sheirbhísí trí Ghaeilge a thomhas go leanúnach ar bhonn bliantúil.

**Dáta Tosaigh na Scéime**

Tá an Scéim daingnithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Cuirfear tús leis an scéim an 14 Iūil 2008 agus fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe ag an Aire de bhun alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

# Fordhearcadh Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

**Misean agus Cúram Sainordaithe an OSFC**
Is é misean an OSFC an comhshaol géilliúntais do ghníomhaíocht chorparáideach sa gheilleagar Éireannach a fheabhsú trí:

- géilliúntas í leith cheanglais Achtanna na gCuideachtaí a spreagadh, agus
- daoine nach dtugann aird ar an dlí a thabhairt os comhair na cúirte.

Faoi láthair tá foireann de thart ar 40 duine san Oifig, lena n-áirítear ochtar nGarda ar iasacht ó Bhiúró an Gharda um Imscrúdú Calaoise.

**Custaiméirí Inmheánacha agus Seachtracha na hOifige**
Is iad seo a leanas príomhpháirtithe leasmhara agus príomhchustaiméirí na hOifige:

- stiúrthóirí cuideachta agus daoine eile ar mian leo ceanglais dlí na gcuideachtaí a chomhlíonadh;
- lucht gairmiúil agus baill an phobail a théann i dteagmháil le OSFC maidir le míchleachtas ionchasach nó iarbhír i réimse dhlí na gcuideachtaí;
- na daoine a bhfaightear tuairiscí nó gearáin ina leith maidir le hamhras faoi mhíchleachtas;
- an preas agus baill eile den phobal i gcoitinne a bhíonn ag lorg faisnéise faoi ghníomhaíocht na hOifige agus
- baill foirne i Ranna, i ngníomhaireachtaí poiblí agus i gcomhlachtaí eile sna hearnálacha poiblí nó príobháideacha a ndéanann an Oifig gnó leo le linn di a sainchúram a chomhlíonadh.

Feidhmíonn an Stiúrthóir feidhmeanna áirithe in éindí le páirtithe eile faoin Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001. Ar na páirtithe sin tá cuideachtaí, stiúrthóirí cuideachta, rúnaí cuideachta, iniúchóirí, leachtaitheoirí, Cláraitheoir na gCuideachtaí, na Cúirteanna, comhlachtaí gairmiúla sonraithe, údaráis áirithe Stáit agus baill an phobail.

**Réimsí feidhmiúla na hOifige**
Tá cúig phríomhréimse oibre ag an Oifig mar atá:

- Géilliúntas,
- Brath,
- Forfheidhmiú,
- Dócmhainneacht agus
- Seirbhísí Corparáideacha

Bíonn foirne ildisciplíneacha ag déileáil le cásobair na hOifige, go príomhai i réimsí an bhraite, na forfheidhmithe agus na dócmhainneachta.

## Measúnú ar Leibhéal na Seirbhísí atá ar fáil cheana féin trí Ghaeilge, agus an tÉileamh Reatha ar na Seirbhísí sin

Leagtar amach sa chuid seo an córas ó thaobh na dTeangacha Oifigiúla a fheidhmítear san Oifig i ndáil leis na seirbhísí ginearálta a sholáthraítear.

### Seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge amháin

Ní chuireann an Oifig aon seirbhísí ar fáil i nGaeilge amháin.

I gCairt Chustaiméara na hOifige gealltar go mbeidh custaiméirí ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge in ann é sin a dhéanamh. Is trí ghnáthnósanna imeachta gearáin na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (SAC) (www.odce.ie) ba chóir déileáil le gearáin agus le hachomhairc i nGaeilge (ní raibh ann dóibh go dtí seo) a bhaineann le seirbhís.

### Seirbhísí nach bhfuil ar fáil trí Ghaeilge

Ar na seirbhísí a thairgeann an Oifig don phobal agus don lucht gairmiúil trí Bhéarla amháin tá:

- cainteanna agus seimineáir a chuireann foireann na hOifige ar fáil;
- seirbhísí reachtaíocht-bhunaithe trína gceanglaítear ar iniúchóirí, leachtaitheoirí agus páirtithe leasmhara eile tuairisc a chur chuig an Oifig in imthosca áirithe;
- faisnéis maidir le dlí na gcuideachtaí agus le cúrsaí gaolmhara a foilsíodh sula ritheadh Acht na dTeangacha Oifigiúla. Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil an OSFC do 2002, áfach, an chéad bhliain iomlán don Oifig a bheith ag feidhmiú, i nGaeilge agus i mBéarla, sula ritheadh an tAcht;
- cúnamh ginearálta a thugtar do chliaint na hOifige le linn bheith ag déileáil le fiosruithe ar an teileafóin (cé gur cuireadh gluais ar fáil leis na buntéarmaí Gaeilge, ní bheadh an fhoireann lasc-chláir sách inniúil ar an teanga theicniúil a bhaineann le fiosruithe áirithe trí Ghaeilge chun freagairt a thabhairt ar chuid acu) agus
- bíonn doiciméid a thairgtear do comhlachtaí poiblí eile nó do lucht léite idirnáisiúnta ar fáil i mBéarla amháin, agus cuirtear aithisc nó ráitis ar fáil sa teanga/sna teangacha ina bhfaightear iad.

### Seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla

Is é príomhchuspóir an Achta a chinntiú go mbeidh fáil níos éasca agus caighdeán níos airde ar sheirbhísí poiblí trí Ghaeilge. De réir Phlean Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus Chairt Chustaiméara na hOifige tá sé geallta ag an Oifig seirbhísí den scoth a chur ar fáil go dátheangach agus a gceart a rogha den dá Theanga Oifigiúla a roghnú chun a ngnó a dhéanamh a chur in iúl do chustaiméirí.

Le blianta beaga anuas chuir an Oifig an Tuarascáil Bhliantúil agus roinnt foilseachán eile ar fáil go dátheangach. Ina theannta sin tá faisnéis dhátheangach ar fáil ar shuíomh idirlín na hOifige. Má dhéantar cumarsáid i nGaeilge leis an Oifig freagraíonn an Oifig i nGaeilge i gcomhréir leis na forálacha in alt 9(2) den Acht, agus tá a stáiseanóireacht dátheangach.

Ar na seirbhísí a thairgeann an Oifig don phobal agus do lucht gairmiúil tá:

- roinnt de na foilseacháin ghinearálta atá ar fáil ar shuíomh idirlín na hOifige, m.sh. Tuarascálacha Bliantúla do na blianta 2002 go 2007 go huile agus an Chairt Chustaiméara agus doiciméid ghaolmhara;
- an áis trína gceadaítear do dhaoine gearáin a dhéanamh maidir le hamhras faoi mhí-iompar corparáideach (tá an Fhoirm Ghearáin ábhartha ar fáil sa dá Theanga ón Oifig agus ar shuíomh idirlín an OSFC);
- roinnt faisnéise faoi dhlí na gcuideachtaí agus faoi chúrsaí gaolmhara via suíomh idirlín na hOifige, foilseacháin, etc.;
- cúnamh ginearálta a thairgtear do chliaint na hOifige le linn déileála le comhfhreagras, ríomhphost, etc. agus
- rinneadh aistriúchán ar dhoiciméid tairisceana dheireanacha d'fhonn aon éileamh ar dhoiciméid Ghaeilge a riar.

**Éileamh ar Sheirbhísí trí Ghaeilge**

Ón uair a bunaíodh an Oifig i Samhain 2001 is beag custaiméir a roghnaigh a ghnó a dhéanamh leis an Oifig trí Ghaeilge.

Tá geallta ag an Oifig na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge a fheabhsú agus cultúr dearfach a chur chun cinn a éascóidh dár gcustaiméirí a ngnó a dhéanamh trí idir Ghaeilge agus Bhéarla.

Níl Cuntar Poiblí ag feidhmiú san Oifig.

## Scéim

Déantar cur síos gearr sa chuid seo ar fheidhmeanna gach réimse d'obair na hOifige agus leagtar amach inti an oiread agus a chuirtear seirbhísí ar fáil don phobal sa dá Theanga Oifigiúla.

**Géilliúntas**
Tá sé de dhualgas ar an Aonad seo géilliúntas i leith dhlí na gcuideachtaí a spreagadh, treoir agus doiciméid eolais a ullmhú agus a fhoilsiú, idirchaidreamh le comhlachtaí gairmiúla eile a chothú, forbairtí idirnáisiúnta a bhreithniú, tograí polasaí a fhorbairt agus ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na hOifige ag comhdhálacha agus ag seimineáir etc. Go sonrach:

- Is i mBéarla amháin a bhíonn láithreoireachtaí, cainteanna agus seimineáir ar siúl;
- Tá faisnéis maidir le dlí na gcuideachtaí agus le cúrsaí gaolmhara a foilsíodh sula ritheadh Acht na dTeangacha Oifigiúla ar fáil i mBéarla amháin;
- Go ginearálta is i mBéarla amháin a fhreagraítear ceisteanna ar an teileafóin. Nuair is mian le custaiméir áfach a g(h)nó a dhéanamh trí Ghaeilge déantar freastal dó sin trína c(h)ur i dteagmháil le ball foirne iomchuí ag brath ar chineál na ceiste;
- Is i mBéarla amháin a chuirtear ar fáil aon doiciméid a thairgtear do chomhlachtaí poiblí eile nó do lucht léite idirnáisiúnta, agus cuirtear aithisc nó ráitis ar fáil sa teanga/sna teangacha ina bhfaightear iad.

**Brath**
Tá an tAonad braite freagrach as bailiúchán faisnéise agus as measúnuithe tosaigh ar ghearáin ghinearálta maidir le hamhras faoi shárú dhlí na gcuideachtaí, as imscrúduithe, as roghanna leighis dá mba ann dóibh a shainiú, as céimeanna cuí a ghlacadh chun cás an ghearáin a dhúnadh nó a chur ar aghaidh agus as an dul chun cinn a thaifeadadh. Go sonrach:

- Déileáiltear le gearáin i mBéarla nó i nGaeilge de réir rogha an duine a dhéanann an Gearáin;
- Tá an Fhoirm Ghearáin ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge;
- Go ginearálta is i mBéarla amháin a fhreagraítear ceisteanna ar an teileafón. Ach nuair is mian le custaiméir a g(h)nó a dhéanamh trí Ghaeilge déantar freastal dó sin trína c(h)ur i dteagmháil le ball foirne iomchuí ag brath ar chineál na ceiste;
- Is i mBéarla amháin a chuirtear Tuarascálacha iniúchóra isteach, ach dhéileálfaí leo trí Ghaeilge dá mba sa teanga sin a fuarthas iad.

**Forfheidhmiú**
Tá an tAonad seo freagrach as fianaise a bhailiú chun imeachtaí sibhialta nó coiriúla a thionscnamh sa chás go bhféadfaí iad a thionscnamh, as cinneadh a dhéanamh faoi cé na cásanna ar chóir a thionscnamh, as na himeachtaí is iomchuí a shainiú, as abhcóide a theagasc, as páipéir cháis a ullmhú, as forghníomhú cáis a bhainistiú, as achomhairc

a bhreithniú, as cúnamh a thabhairt don SIP (Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí ) mar atá dlite agus as an dul chun cinn a thaifeadadh. Go sonrach:

- Is i mBéarla amháin a ghintear doiciméid a tháirgeann an tAonad;
- Go dáta is i mBéarla amháin a éisteadh cásanna cúirte;
- Go ginearálta is i mBéarla amháin a fhreagraítear ceisteanna ar an teileafóin. Ach nuair is mian le custaiméir a g(h)nó a dhéanamh trí Ghaeilge déantar freastal dó sin trína c(h)ur i dteagmháil le ball foirne iomchuí ag brath ar chineál na ceiste;

**Dócmhainneacht**
Tá sé de dhualgas ar an Aonad dócmhainneachta tuarascálacha reachtúla leachtaitheoirí cuideachtaí dócmhainneacha a mheasúnú, agus cinneadh a dhéanamh faoi cé acu de na cásanna seo ar chóir don leachtaitheoir ábhartha ordú srianta nó dícháilithe i leith duine nó níos mó dá stiúrthóirí cuideachta a lorg. Iniúchann an tAonad freisin cásanna cuideachtaí dócmhainneacha neamhleachtaithe agus cásanna inar féidir le stiúrthóirí atá srianta scaoileadh a lorg ón srianadh nó ón ndícháiliú. Ina leithéidí d'imthosca b'fhéidir gur gá don Aonad imeachtaí dlí a thionscnamh freisin i gcoinne na stiúrthóirí sin. Chuige sin b'fhéidir gur gá na himeachtaí is feiliúnaí a shainiú, abhcóide a theagasc, mionnscríbhinní a ullmhú agus an dul chun cinn a bhainistiú agus a thaifeadadh. Go sonrach:

- Is i mBéarla amháin a ghintear doiciméid a eisíonn an tAonad;
- Foirmeacha atá forordaithe le reachtaíocht is i mBéarla amháin a chuirtear ar fáil iad;
- Go dáta is i mBéarla amháin a éisteadh cásanna cúirte;
- Go ginearálta is i mBéarla amháin a fhreagraítear ceisteanna ar an teileafóin. Ach nuair is mian le custaiméir a g(h)nó a dhéanamh trí Ghaeilge déantar freastal dó sin trína c(h)ur i dteagmháil le ball foirne iomchuí ag brath ar chineál na ceiste.

**Seirbhísí Corparáideacha**
Is é an tAonad seo a choinníonn an OSFC ag imeacht go héifeachtach agus tá sé de dhualgas air buiséad bliantúil na hOifige, ceisteanna pearsanra agus oiliúna, TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide) lena n-áirítear suíomh idirlín na hOifige, soláthar agus íocaíochtaí, áitreabh agus obair chothabhála, ceisteanna slándála agus sábháilteachta, comhordú SF (Saoráil Faisnéise), ullmhúchán Thuarascáil Bhliantúil na hOifige, idirchaidreamh leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn a bhainistiú. Go sonrach:

- Tá na Tuarascálacha Bliantúla do na blianta 2002, 2003, 2004, 2005, 2006 agus 2007 ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla;
- Tá Lámhleabhar na hOifige faoi ailt 15 agus 16 den Acht um Shaoráil Faisnéise 1997 ar fáil i mBéarla amháin;
- Tá Cairt Sheirbhísí Custaiméara na hOifige agus doiciméid lena mbaineann ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge;
- Déileáiltear le cumarsáid i mBéarla agus i nGaeilge i gcomhréir leis na forálacha in alt 9(2) de Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003;

- Déileáiltear le ceisteanna ar an teileafón i mBéarla agus i nGaeilge (go ginearálta ní theastaíonn téarmaíocht theicniúil ná dhlíthiúil i gcomhthéacs ghnó an Aonaid seo);
- Tá an fhaisnéis uile atá ar fáil ar shuíomh idirlín an OSFC i mBéarla agus tá roinnt de ar fáil i nGaeilge;
- Cuireadh doiciméid tairisceana ar fáil i nGaeilge le haghaidh phróiseas deireanach an Chonartha Dhearaidh;
- Go ginearálta is i mBéarla amháin a thairgtear cúnamh ginearálta do chliaint na hOifige le linn déileála le fiosruithe ar an teileafóin. Cé gur cuireadh gluais leis na buntéarmaí Gaeilge ar fáil don fhoireann lasc-chláir (a thógtar ar bhonn róta ó réimsí feidhmiúla na hOifige), ní bheadh inniúlacht na mball foirne sin ar an nGaeilge sách maith chun fiosruithe áirithe a mbaineann teanga theicniúil leo a fhreagairt).

# Seirbhísí a Chuirtear ar Fáil go Dátheangach a Fheabhsú

**Réamhrá**
Cé go bhfuil an leibhéal idirghníomhaithe idir an OSFC agus an pobal i gcoitinne íseal tá geallta ag an Oifig seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge a bheidh inchomparáide leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil i mBéarla. Léirítear sa chuid seo na bearta a ghlacfaidh an Oifig laistigh de shaol na Scéime seo chun seirbhísí a fheabhsú agus chun suntasacht na Gaeilge le linn dúinn déileáil le custaiméirí a mhéadú. Ag tógáil ar a bhfuil bainte amach go dáta is é polasaí na hOifige breis[1] seirbhísí a chur ar fáil go dátheangach faoi cheann théarma na Scéime seo.

| Seirbhís | Fráma ama[2] |
|---|---|
| **Suíomh Idirlín an OSFC (www.odce.ie)** | |
| Beidh **ábhar** statach an tsuímh idirlín ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon[3]. | 24 |
| Tá **ainmneacha fearainn** le haghaidh URLanna ".ie" agus ".eu" cláraithe cheana féin. Leanfar le gníomhachtú fhearann an "osfc" chomh luath is atá an acmhainn theicniúil ann chun é sin a dhéanamh. | Iarratas chuig óstach an tsuímh idirlín ag tús na Scéime |
| **Teagmháil leis an bPobal** | |
| Déanfar **fiosruithe ar an teileafón** a phróiseáil i nGaeilge ag an ndeasc fáiltithe agus ansin cuirfear faoi bhráid cainteoir Gaeilge iad má tá cainteoir Gaeilge ar fáil. Tabharfar ainm na heagraíochta agus bunbheannacht i nGaeilge agus i mBéarla araon.<br><br>Socrófar rogha teanga an chustaiméara. Mura bhfuil (an) cainteoir Gaeilge atá in ann déileáil leis an té a ghlaonn isteach ar fáil, míneoidh an duine atá ag déileáil leis an gcustaiméir na himthosca go béasach agus cuirfidh in iúl don chustaiméir cén uair a mbeidh cainteoir Gaeilge atá in ann an tseirbhís a sholáthar ar fáil (ní dhéanfar sin ach amháin sa chás go mbeidh cainteoir Gaeilge ar fáil laistigh de thréimhse réasúnta ama - m.sh. 5 nóiméad) nó ina áit sin tabharfar roghanna éagsúla don chustaiméir, mar shampla socrófar am cinnte a mbeidh cainteoir Gaeilge i láthair nó leanfar leis an gcomhrá i mBéarla.[4] | 6 |
| Eiseofar 10% in aghaidh na bliana de **Phreaseisiúintí agus de Ráitis** go dátheangach sa chéad bhliain den Scéim. Ardófar sin go 20% i mbliain 2 agus go 30% i mbliain 3. | Bliain 1 |
| Gheobhaidh daoine a cláraíonn le haghaidh fógraí a fháil nuair a chuirtear ábhar nua ar fáil ar an suíomh idirlín **uathfhreagairt phoist dhátheangach**. | Ó dháta tosaigh na Scéime |

1 Is é sin de bhreis ar na seirbhísí atá ar fáil cheana féin go dátheangach.
2 Mura gcuirtear a mhalairt in iúl, is tagairt é seo do mhíonna ó thús na Scéime.
3 Más amhlaidh go bhfuil ábhar ar fáil i mBéarla amháin, ní aistreofar é (m.sh. Breithiúnais Chúirte, Ionstraim Reachtúla, etc.)
4 Féach an chuid níos faide ar aghaidh faoi Oiliúint agus Forbairt.

| | |
|---|---|
| Tá sé d'acmhainn cheana féin ag **Córais Ríomhaire** a leithéidí ríomhphost Gaeilge a úsáid, m. sh. tá an síneadh fada etc. ar fáil dóibh. Beidh an áis sin fós ar fáil in aon uasghrádú a dhéanfar amach anseo. | Ar fáil faoi láthair |
| Faoi láthair níl aon **seirbhísí idirghníomhacha** ann atá ceaptha chun cead a thabhairt do chustaiméirí iarratais a chur isteach nó sochair a fháil. Déanfar soláthar do idirghníomhú dátheangach in aon chóras dá leithéid a chuirfear chun feidhme amach anseo. | Nuair a chuirfear an córas idirghníomhach chun feidhme |
| **Faisnéis Foilsithe**[5] | |
| Cuirfear **Lámhleabhar SF** an OSFC (Leabhar Tagartha Alt 15 agus 16 faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise) ar fáil sa dá Theanga Oifigiúla. | Ó thosach na Scéime |
| Eiseofar **Leabhráin Treorach Nua nó Athbhreithnithe** sa dá theanga oifigiúla laistigh den chlúdach céanna nó, sa chás eisceachtúil, in dhá dhoiciméad faoi leith. | Ó thosach na Scéime |
| Cuirfear gach **doiciméad Tairisceana Phoiblí** ar fáil sa dhá Theanga Oifigiúla. | Ó thosach na Scéime |
| **Oiliúint agus Forbairt** | |
| Déanfar láithreoireacht faoin Scéim aontaithe don fhoireann uile san Oifig. | 5 |
| Gheobhaidh gach ball foirne a oibríonn lasc-chlár na hOifige oiliúint i mbeannachtaí agus i bhfreastal do dhaoine a ghlaonn isteach i nGaeilge. | 9 |
| Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin inmheánach ba réamhobair le haghaidh dhréachtú na Scéime liostaíodh leibhéal na scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta, tuisceana agus labhartha Gaeilge. Tabharfar spreagadh don fhoireann tógáil ar na scileanna atá acu agus déanfar freastal do chúrsaí oiliúna le go mbeidh 20% den fhoireann réasúnta inniúil ar Ghaeilge. | 30 |
| **Ionchúisimh** | |
| Déanfar suirbhé ar thuairimí fhoireann dlí an OSFC le fáil amach an bhfuil baill an phainéil inniúil ar chás cúirte a stiúradh i nGaeilge; is é an aidhm atá againn go mbeidh an inniúlacht seo ag an Oifig. Má léiríonn an suirbhé seo go bhfuil an inniúlacht neamhdhóthaineach foilseofar fógra ag iarraidh ar abhcóidí le Gaeilge iarratas ar shocrúchán ar an bpainéal a chur isteach. | 24 |

5 Maidir le doiciméid nach leagtar amach moltaí um polasaí poiblí iontu agus a bhfuil cúrsaíocht theoranta acu agus atá dírithe ar ghrúpaí speisialtóra, is i mBéarla amháin a bheidh siad murab eol dúinn go bhfuil éileamh sonrach ar a bhfoilsiú i nGaeilge cheana féin. Leanfaimid leis ag déanamh athbhreithniú ar an seasamh seo i bhfianaise éilimh atá ag fabhrú, agus ag féachaint do cheisteanna acmhainne.

**Foirmeacha Spesialtóra**

Tá na foirmeacha a chomhlánann Leachtaitheoirí faoi Alt 56 forordaithe le reachtaíocht agus ar fáil i mBéarla amháin. Má chuireann agus pé uair a chuireann an tOireachtas aistriúchán oifigiúil ar fáil cuirfidh an Oifig ar fáil é do Leachtaitheoirí lena úsáid.

Laistigh de 3 mhí ón uair a chuirfear ar fáil é

## Monatóireacht na Scéime

Coinneoidh Aonad na Seirbhísí Corparáideacha feidhmiú na Scéime faoi bhreithniú. Is iad na bainisteoirí líne atá freagrach as cur chun feidhme na Scéime laistigh dá réimsí féin a fheidhmeoidh feidhm na monatóireachta ó lá go lá, agus is iad a chuirfidh aon cheisteanna a thagann chun cinn in iúl d'Aonad na Seirbhísí Corparáideacha.

Cuirfidh Aonad na Seirbhísí Corparáideacha tuarascáil faoi bhráid na bainistíochta maidir le feidhmiú na Scéime ar bhonn leathbhliantúla. Luafar sa tuarascáil an dul chun cinn faoin Scéim, beidh measúnú inti ar an éileamh ar sheirbhísí Gaeilge agus ar sheirbhísí dátheangacha agus ainmneofar inti aon fhadhbanna a thiocfaidh chun cinn le linn chur chun feidhme na Scéime.

I bhfianaise an taithí a ghnóthófar le linn thréimhse mharthana na Scéime seo déanfar coigeartuithe cuí maidir leis agus/nó feabhsófar na seirbhísí a bheidh ar fáil go dátheangach i scéimeanna amach anseo.

## Poiblíocht a thabhairt don Scéim

Foilseofar gealltanais agus forálacha na Scéime agus fógrófar a foilseachán sna meáin náisiúnta. Cuirfear ar fáil í freisin ar shuíomh idirlín an OSFC.

Scaipfear í ar na comhlachtaí cuí agus orthu siúd a rinne aighneachtaí ag céim chomhairliúchán dhréachtú na Scéime seo. Cuirfear cóip chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.